Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**15563/24**

**SOC 830**
**EMPL 567**
**ECOFIN 1286**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Measúnú ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta arna chur chun feidhme ar bhonn píolótach i dtimthriall Sheimeastar Eorpach 2024<br>- *Cur i láthair ó Chathaoirligh an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an nóta maidir leis an measúnú ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta arna chur chun feidhme ar bhonn píolótach i dtimthriall Sheimeastar Eorpach 2024, mar a d'ullmhaigh an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta é ag an gcruinniú comhpháirteach a bhí acu an 14 Samhain 2024.

**An Coiste Fostaíochta**

**An Coiste um Chosaint Shóisialta**

An 14 Samhain 2024

**Measúnú ar an gCreat um Chóineasú Sóisialta**
**arna chur chun feidhme ar bhonn píolótach i dtimthriall Sheimeastar Eorpach 2024**

*Nóta le cur faoi bhráid airí na Comhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO)*

## 1. Réamhrá

**Idir mí Mheán Fómhair agus mí na Samhna 2024, rinne an Coiste Fostaíochta (EMCO) agus an Coiste um Chosaint Shóisialta (SPC) measúnú ar chur chun feidhme an Chreata um Chóineasú Sóisialta den chéad uair riamh, a thug an Coimisiún isteach ar bhonn píolótach i dtimthriall Sheimeastar Eorpach 2024.** Tháinig an measúnú sin sna sála ar an iarraidh a rinneadh sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe agus Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 an 11 Márta, inar iarradh ar an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta measúnú a dhéanamh ar thionchar an chreata, lena n-áirítear a bhreisluach agus an t-ualach riaracháin a d'fhéadfadh sé a chur ar a ngníomhaíochtaí agus ar thimthriall Sheimeastar Eorpach 2024, agus an Chomhairle a chur ar an eolas[1].

[1] Conclúidí ón gComhairle maidir le Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe agus Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024, arna bhformheas ag an gComhairle (EPSCO) an 11 Márta 2024.

**Cuireadh an Creat um Chóineasú Sóisialta chun feidhme ar bhonn obair theicniúil Mheitheal thiomnaithe EMCO-SPC a rinne staidéar, idir mí Mheán Fómhair 2022 agus mí na Bealtaine 2023, ar an dearadh agus ar an modheolaíocht a d'fhéadfadh a bheith ag an gcreat, agus a cuimsíodh sa chur chun feidhme píolótach[2].** Ar an iomlán, is éard atá i gceist leis an dearadh sin anailís dhá chéim a rinne an Coimisiún chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí agus dúshláin don chóineasú sóisialta aníos sna Ballstáit, agus cuireadh na torthaí san áireamh i ngníomhaíochtaí faireachais iltaobhacha EMCO agus SPC chun comhthuiscint a fhorbairt ar staid an chóineasaithe shóisialta san Aontas agus chun an Chomhairle a chur ar an eolas dá réir sin.

**I gcomhthráth le timthriall Sheimeastar 2024, tar éis Athbhreithniú an Aontais ar an Rialachas Eacnamaíoch, chomhaontaigh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa 'creat chun rioscaí don chóineasú sóisialta a shainaithint' a áireamh i Rialachán nua 2024/1263 i measc na n-uirlisí atá ar fáil don Choimisiún chun faireachán a dhéanamh ar na Treoirlínte Fostaíochta agus ar Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[3].** Agus measúnú á dhéanamh ar an gcur chun feidhme píolótach, chuir an Coimisiún in iúl go raibh sé ar intinn aige an fhoráil sin a oibríochtú tríd an gCreat um Chóineasú Sóisialta a chur chun feidhme i dtimthriallta an tSeimeastair amach anseo freisin, agus coigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar a ghnéithe teicniúla agus struchtúracha a pléadh le EMCO agus SPC á gcur san áireamh ag an am céanna.

---

[2] Féach na Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le Creat um Chóineasú Sóisialta a thabhairt isteach sa Seimeastar Eorpach agus an Tuarascáil ó Mheitheal EMCO-SPC lena mbaineann. Pléadh na gnéithe den Chreat um Chóineasú Sóisialta i dtionól na Meithle idir mí Mheán Fómhair 2022 agus mí na Bealtaine 2023. Bhí an Mheitheal bunaithe ar rannpháirtíocht dheonach na dtoscaireachtaí agus bhí sí comhdhéanta de 21 Bhallstát (BE, CZ, DE, EE, EL, ES, FI, FR, HR, HU, IE, IT, LU, LT, LV, MT, NL, PL, PT, SI, SK) agus an Coimisiún. D'fhormhuinigh EMCO agus an SPC na Príomhtheachtaireachtaí a cuireadh faoi bhráid chruinniú Chomhairle EPSCO an 12 Meitheamh 2023 bunaithe ar an obair a rinne an Mheitheal thuasluaite.

[3] Féach Airteagal 3(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle. Anuas air sin, in Aithris 8, maítear gur 'mar chuid dá anailís chomhtháite ar fhorbairtí fostaíochta agus sóisialta i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, déanann an Coimisiún measúnú ar rioscaí don chóineasú sóisialta aníos sna Ballstáit agus déanann sé faireachán ar chur chun feidhme phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ar bhonn an Scórchláir Shóisialta agus phrionsabail an Chreata um Chóineasú Sóisialta'.

## 2. Anailís chéadchéime (Samhain 2023 – Márta 2024)

**Le hanailís chéadchéime an Chreata um Chóineasú Sóisialta, cuireadh gné nua thírshonrach leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht chun rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don chóineasú sóisialta aníos sna Ballstáit a shainaithint[4].** Cuireadh an méid sin chun feidhme trí chomhaid tíre nua a chur isteach bunaithe ar an léamh a rinneadh ar tháscairí ceannlíne an Scórchláir Shóisialta. Tarraingíodh aird ar Bhallstáit i ngeall ar rioscaí féideartha más rud é go raibh cás 'le faire' nó 'criticiúil' i gceist le 6 as 16 tháscaire ar a laghad de réir na modheolaíochta soilse tráchta seanbhunaithe a chuirtear i bhfeidhm ar an Scórchlár Sóisialta sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht, agus rinneadh comhaireamh dúbailte i gcás treochtaí diúltacha thar 2 bhliain as a chéile[5].

**Leis an anailís chéadchéime sin, comhlánaíodh an faireachán ar na Treoirlínte Fostaíochta le fócas tírshonrach arb é is aidhm dó rioscaí don chóineasú sóisialta ar fud an Aontais a bhrath d'fhonn prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme; mar sin féin, tá amhras ar roinnt Ballstát faoina mhéid a chuir an anailís sin go nithiúil le hábhar traidisiúnta na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht.** Cé gur forbraíodh an mhodheolaíocht i Meitheal EMCO-SPC, lena n-áirítear chun treochtaí a shainaithint ar bhealach níos fearr, tá amhras ann fós maidir le cumas na modheolaíochta sin rioscaí don chóineasú sóisialta a bhrath go cuimsitheach mar gheall ar thráthúlacht táscairí sóisialta áirithe agus toisc nach bhfuil roinnt réimsí beartais ábhartha sa Scórchlár Sóisialta. Ós rud é gurb é an Coimisiún a rinne an anailís, ní raibh sí ina hualach riaracháin ar na Ballstáit.

---

4 Ghlac an Coimisiún Tuarascáil Chomhpháirteach 2024 ar Fhostaíocht an 21 Samhain 2023 agus, tar éis do EMCO agus SPC bailchríoch a chur uirthi, ghlac an Chomhairle í an 11 Márta 2024 freisin.

5 I gcomhréir leis an gcomhréiteach teicniúil ar thángthas air i Meitheal EMCO-SPC a rinne staidéar ar dhearadh an Chreata um Chóineasú Sóisialta idir 2022 agus 2023 (féach fonóta 2), chun críocha na hanailíse céadchéime bhí critéar breise ag gabháil le modheolaíocht na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht arb é ab aidhm dó níos mó béime a leagan ar threochtaí le himeacht ama. Aon uair a léirigh táscaire meath ar a chatagóiriú sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht thar 2 bhliain as a chéile – mar shampla ó 'ar an meán' i mbliain t go 'le faire' i mbliain t+1 agus 'criticiúil' i mbliain t+2 – comhaireadh an táscaire faoi dhó.

**As seo amach, ba cheart a chur san áireamh sa mhodheolaíocht na hathbhreithnithe a dhéanfar feasta ar an Scórchlár Sóisialta, lena n-áirítear táscairí nua i gcás inarb ábhartha, chomh maith le measúnuithe rialta ó EMCO agus SPC agus óna bhfoghrúpaí um tháscairí chun feabhas a chur ar bhrath tráthúil agus éifeachtach rioscaí don chóineasú sóisialta.** Sa chomhthéacs sin, dá ndéanfaí plé *ad hoc* maidir le conas táscairí áirithe atá san áireamh sa Scórchlár Sóisialta faoi láthair a léirmhíniú chun breithnithe beartais a tharraingt suas, chuirfí le húinéireacht na mBallstát ar an anailís, go háirithe i gcásanna roghnaitheacha inar gá roinnt teorainneacha teicniúla atá ann cheana a chur san áireamh.

### 3. Anailís dara céim (Aibreán – Bealtaine 2024)

**Bhí sé i gceist leis an anailís dara céim scrúdú níos doimhne a dhéanamh ar na Ballstáit ar tarraingíodh aird orthu sa chéad chéim[6].** Rinne an Coimisiún an anailís sin trí úsáid a bhaint as sraith níos leithne d'fhianaise chainníochtúil agus cháilíochtúil[7] chun meastóireacht a dhéanamh ar dhúshláin don chóineasú sóisialta aníos agus ar na príomhthosca a bhaineann leo. I gcás gach ceann de na Ballstáit a sainaithníodh, díríodh go heisiach ar na réimsí beartais a measadh go raibh rioscaí féideartha ag baint leo le linn na chéad chéime. I gcás roinnt de na seacht mBallstát a sainaithníodh in 2024, chuir an anailís dara céim ar chumas an Choimisiúin a dheimhniú go raibh dúshláin fhoriomlána ag baint leis na rioscaí a sainaithníodh sa chéad chéim, agus i gcás Ballstáit eile bhíothas in ann na rioscaí sin a dhíchur leis an anailís níos doimhne sin[8]. Rannchuidigh an anailís le Pacáiste Earraigh Sheimeastar Eorpach 2024, agus léiríodh na príomhthorthaí do na seacht mBallstát ina dtuarascálacha tíre 2024 agus rinne siad eolas do na tograí ón gCoimisiún le haghaidh moltaí tírshonracha i gcás inarb iomchuí.

---

6 Foilsíodh an anailís dara céim ar na seacht mBallstát a sainaithníodh in 2024 i bhfoirm Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin an 6 Bealtaine 2024. Chuathas i gcomhairle leis na seacht mBallstát a sainaithníodh in 2024 maidir le réamhchóipeanna den anailís an 9 Aibreán.

7 Áiríodh leis sin go háirithe na táscairí uile a comhaontaíodh go dtí seo leis na Ballstáit mar chuid den Chreat Measúnaithe Chomhpháirtigh a d'fhorbair EMCO agus SPC. Breithníodh freisin an dul chun cinn atá déanta maidir le spriocanna náisiúnta 2030 i ndáil le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta.

8 Ag brath ar (i) méid na ndúshlán aonair a tháinig chun solais leis an bhfianaise bhreise a bailíodh le haghaidh gach ceann de na réimsí beartais a scrúdaíodh; agus (ii) measúnú ar na freagairtí beartais atá á gcur chun feidhme nó á bpleanáil ag an mBallstát agus ar measadh gur leor iad sin chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a sainaithníodh.

**I gcomparáid le timthriallta an tSeimeastair Eorpaigh roimhe seo, bhí sé d'aidhm ag an anailís dara céim bonn níos láidre a chur ar fáil chun treochtaí cóineasaithe shóisialta a fhiosrú, go háirithe faoi chuimsiú ghníomhaíochtaí faireachais iltaobhacha EMCO agus SPC.** Ar an gcaoi chéanna leis an gcéad chéim, bhí sé d'aidhm ag an gCoimisiún an t-ualach riaracháin atá ar na Ballstáit a íoslaghdú. In 2024, rinne an Coimisiún an anailís agus iarradh ar na seacht mBallstát lena mbaineann réamhdhréacht den anailís a sheiceáil ó thaobh fíricí de. Mar sin féin, bheadh níos mó ama ag teastáil ó na Ballstáit lena mbaineann idir foilsiú na hanailíse dara céim agus a hathbhreithniú sna Coistí chun comhúinéireacht na hanailíse a fheabhsú. Ar an iomlán, ba luachmhar an dara céim ó thaobh léargas iltaobhach de, ós rud é gur chuir sí na Ballstáit ar an eolas faoi dhéine na ndúshlán atá roimh roinnt dá bpiaraí agus faoi na naisc idir na dúshláin sin. Chun breisluach a chur léi, ba cheart go leanfadh an anailís dara céim de bheith cuimsitheach, ilghnéitheach, agus ba cheart go gcumhdófaí léi na tosaíochtaí a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a eisíodh chuig an tír. D'ainneoin an fhócais anailísigh breise a tháinig as Doiciméad Inmheánach Oibre nua an Choimisiúin, ní raibh sé soiléir i gcónaí a mhéid a chuidigh an anailís dara céim le beachtú na treorach beartais a ceapadh sna tograí le haghaidh moltaí tírshonracha agus sna tuarascálacha tíre gaolmhara a foilsíodh níos déanaí i dtimthriall an tSeimeastair, i bhfianaise an chur chuige spriocdhírithe a cuireadh i bhfeidhm.

**Ag féachaint chun cinn, dá bhfoilseofaí Doiciméad Inmheánach Oibre an Choimisiúin níos luaithe agus dá ndéanfaí idirphlé níos doimhne idir seirbhísí an Choimisiúin agus na Ballstáit lena mbaineann, chuideofaí go mór le cuspóirí na hanailíse dara céim a bhaint amach.** Chun í a idirdhealú ó dhoiciméid eile an tSeimeastair, ba cheart treochtaí níos fadtéarmaí chomh maith le breithnithe trasearnála agus réigiúnacha a áireamh ar bhealach níos fearr san anailís ar thosca na ndúshlán beartais. Ós rud é gur doiciméid bliantúil í, tá sé tábhachtach go mbeadh gnéithe tuairisciúla na hanailíse ag brath ar na sonraí is déanaí atá ar fáil (lena n-áirítear sonraí míosúla) agus go ndíreofaí ar nuashonruithe ábhartha, go háirithe torthaí chur chun feidhme an bheartais, go speisialta nuair a dhéantar anailís ar Bhallstát sa dara céim thar bhlianta as a chéile.

## 4. Faireachas iltaobhach (Bealtaine 2024)

**Pléadh na dúshláin don chóineasú sóisialta aníos a shainaithin an Coimisiún san anailís dara céim mar chuid de ghnáthghníomhaíochtaí faireachais iltaobhaigh bliantúla EMCO agus SPC.**[9] Le linn thimthriall faireachais 2024, níor pléadh na seacht mBallstát a ndearnadh anailís orthu ach uair amháin faoi seach trí 'chur chuige tírbhunaithe' a úsáid, eadhon trí athbhreithniú a dhéanamh ar thír amháin inar díríodh ar na dúshláin a tugadh chun solais i moltaí tírshonracha 2023 agus in anailís dara céim an Chreata um Chóineasú Sóisialta. Sa chomhthéacs sin, leis an anailís dara céim sin, tugadh anailís chomhthéacsúil chun tuiscint níos fearr a fháil ar rioscaí agus dúshláin dhíobhálacha sna Ballstáit sa bhreis ar na saincheisteanna sonracha a luaitear sna moltaí.

**Leis an gcur chuige sin, bhí na Ballstáit a bhí páirteach san anailís dara céim in ann ullmhú d'athbhreithniú an-chuimsitheach amháin**[10]**, i dtaobh ceanglas tuairiscithe freisin; mar sin féin, toisc gur ghá faisnéis a chur i láthair ar roinnt saincheisteanna beartais agus dul i gcomhairle le go leor saineolaithe beartais náisiúnta, thuairiscigh na Ballstáit lena mbaineann go raibh ualach riaracháin orthu, lena n-áirítear comhordú suntasach a bhí ag teastáil ar an leibhéal náisiúnta.** Os a choinne sin, ní raibh difríochtaí suntasacha ann i ndáil leis sin do na Ballstáit nár tarraingíodh aird orthu sa Chreat um Chóineasú Sóisialta. Maidir leis an bplé iarbhír ar na dúshláin, i gcomparáid le gnáthathbhreithniú bunaithe ar chur chun feidhme moltaí tírshonracha aonair, chuir an líon níos airde de shaincheisteanna beartais teorainn leis an am a bhí ar fáil le haghaidh plé cuimsitheach iltaobhach.

---

**9** Pléadh an comhtháthú sin den chéad uair i lár mhí Feabhra, nuair a chomhaontaigh na Coistí na critéir a shainaithin Meitheal EMCO-SPC a úsáid in 2023 chun a áirithiú nach dtiocfaidh méadú ar líon foriomlán na n-athbhreithnithe faireachais iltaobhaigh.

**10** Ciallaíonn cur chuige 'tírbhunaithe' a ghlacadh nach bpléitear gach Ballstát ach uair amháin, in aon athbhreithniú cuimsitheach amháin ar na dúshláin fhoriomlána a sainaithníodh, seachas roinnt uaireanta maidir le gach moladh tírshonrach a fuarthas. In 2024, sa bhreis ar na hathbhreithnithe a d'eagraigh EMCO agus SPC go comhpháirteach ar na seacht mBallstát sa dara céim, rinneadh tástáil ar an gcur chuige freisin sna hathbhreithnithe rialta a rinne SPC ar na Ballstáit eile nach bhfuair ach moltaí tírshonracha 2023 agus nár tharraing an Creat um Chóineasú Sóisialta aird ar leith orthu.

**Cé gur mheas roinnt Ballstát go raibh buntáiste ag baint le comhar feabhsaithe ar fud réimsí beartais ar an leibhéal náisiúnta san fhadtéarma, léiríonn an dianullmhúchán ba ghá in 2024 go bhféadfaí feabhas a chur ar eagrú agus ar éifeachtacht na n-athbhreithnithe.** Go háirithe, ós rud é go raibh an t-ualach riaracháin níos mó ar na Ballstáit sin a raibh orthu tuairisciú a dhéanamh freisin ar chur chun feidhme an iliomad moltaí tírshonracha in aon athbhreithniú amháin, tá gá le machnamh a dhéanamh ar an gcomhbhabhtáil a d'fhéadfadh a bheith ann idir déine agus minicíocht na n-athbhreithnithe i ngníomhaíochtaí faireachais iltaobhaigh bliantúla na gCoistí. Lasmuigh de ghnéithe eagraíochtúla, dá ndéanfaí Doiciméad Inmheánach Oibre an Choimisiúin ina mbeadh anailís an dara céim a fhoilsiú níos luaithe, bheadh níos mó ama ag na Ballstáit ullmhú do na hathbhreithnithe.

## 5. Infheictheacht pholaitiúil na dtorthaí (Meitheamh – Iúil 2024)

**Ar bhonn na n-athbhreithnithe, ag deireadh thimthriall Sheimeastar Eorpach 2024, tháinig EMCO agus SPC ar chomhaontú maidir le torthaí cothrománacha agus tírshonracha, a cuireadh in iúl don Chomhairle chun na hairí atá in *filière* EPSCO chur ar an eolas maidir le staid an chóineasaithe shóisialta san Aontas.** Cuireadh na torthaí cothrománacha i láthair ar dtús trí Thuairim thiomnaithe ó EMCO-SPC 'maidir le cóineasú sóisialta san Aontas' i mí an Mheithimh, agus ansin rinneadh iad a chomhtháthú sa ghnáth-Thuairim Chothrománach bhliantúil maidir le timthriall an tSeimeastair Eorpaigh, a d'fhormhuinigh an Chomhairle i mí Iúil, ina raibh iarscríbhinn freisin ina raibh na torthaí tírshonracha.[11]

[11] Cuireadh na conclúidí cothrománacha faoi bhráid na n-airí ar dtús trí Thuairim thiomnaithe ó EMCO-SPC maidir le cóineasú sóisialta san Aontas an 20 Meitheamh 2024. Rinneadh iad a chomhtháthú ansin sa Tuairim bhliantúil ó EMCO-SPC maidir le timthriall 2024 den Seimeastar Eorpach, a d'fhormhuinigh an Chomhairle (EPSCO) an 16 Iúil 2024. Cuireadh na torthaí tírshonracha san áireamh sa dara doiciméad sin mar Iarscríbhinn 3.

**Fuair an Chomhairle nuashonruithe rialta maidir le cur chun feidhme píolótach an Chreata um Chóineasú Sóisialta ó Chathaoirligh EMCO agus SPC agus ar deireadh d'fhormhuinigh sí na torthaí cothrománacha i mí Iúil, ach ní raibh díospóireacht pholaitiúil thiomnaithe ag na hairí in *filière* EPSCO.** Ag an gcéim phíolótach, ní raibh aon chomhthoil sa Chomhairle conclúidí polaitiúla a cheapadh sa bhreis ar na torthaí teicniúla a fhormhuiniú tríd an Tuairim Chothrománach bhliantúil maidir leis an Seimeastar Eorpach a thug EMCO agus SPC. In 2024, i ngeall ar a chineál píolótach, ar a úrnua a bhí an anailís dara céim, agus in éagmais díospóireacht pholaitiúil thiomnaithe, ní raibh ach soiléireacht theoranta ann maidir le tionchar an Chreata ar an Seimeastar Eorpach, chomh maith leis an bhféidearthacht teachtaireachtaí gonta polaitiúla a chur in iúl do pháirtithe leasmhara. Lasmuigh den chéim phíolótach, d'fhéadfaí machnamh breise a dhéanamh ar bhealaí chun an infheictheacht a fheabhsú.

## 6. Conclúidí

**Bhí cur chun feidhme píolótach an Chreata um Chóineasú Sóisialta i Seimeastar Eorpach 2024 dírithe ar fhaireachán níos struchtúrtha a dhéanamh ar threochtaí cóineasaithe shóisialta san Aontas i gcomhréir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, ach níl na Coistí comhaontaithe fós ar a mhéid a baineadh é sin amach, lena n-áirítear ó thaobh a bhreisluacha de.** Le mionchoigeartuithe leordhóthanacha ar an anailís dhá chéim, d'fhéadfaí léargas níos doimhne a thabhairt, ar leibhéal an Aontais, ar thosca fheidhmíochtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha na mBallstát i réimsí na fostaíochta, na scileanna agus an bheartais shóisialta, agus ar an gcaoi sin d'fhéadfaí an cineál anailíseach agus gné iltaobhach an tSeimeastair Eorpaigh a fheabhsú araon agus ábharthacht na treorach beartais gaolmhaire a fheabhsú ar leibhéal an Aontais. Cé gur mheas roinnt Ballstát go raibh tairbhí ag gabháil leis an gCreat um Chóineasú Sóisialta mar a cuireadh chun feidhme i dtimthriall 2024 é, tá amhras ar roinnt eile acu maidir le breisluach agus cuspóir deiridh an Chreata i gcomparáid le cleachtais roimhe seo.

**In 2024, cuireadh an Creat chun feidhme ar bhonn píolótach gan ualach suntasach riaracháin a fhorchur le linn a chéad chéime agus a dhara céim. Mar sin féin, tugadh isteach leis roinnt ualaí a bhaineann le hullmhú agus rannpháirtíocht na seacht mBallstát a sainaithníodh i ngníomhaíochtaí faireachais iltaobhacha EMCO agus SPC mar Bhallstáit a mbaineann rioscaí leo ó thaobh an chóineasaithe shóisialta aníos de.** I gcás na mBallstát lena mbaineann, bhí gá le hiarrachtaí suntasacha ullmhúcháin chun plé a dhéanamh ar an anailís dara céim agus ar an tuairisciú ar chur chun feidhme na moltaí tírshonracha ábhartha freisin. Ar an taobh eile de, dar le roinnt Ballstát, ba cheart measúnú a dhéanamh ar an ualach riaracháin breise maidir leis an tionchar a bheadh ag meath ar an staid shóisialta a bhfuil an Creat ceaptha cuidiú lena chosc. Ar an iomlán, tugtar le fios sa mheastóireacht ar an gcur chun feidhme píolótach go bhféadfaí feabhas a chur ar an socrú sin chun a áirithiú gur féidir an Creat a chur chun feidhme go héifeachtach i dtimthriallta amach anseo agus chun a bhreisluach a fheabhsú i dtaca le héilimh riaracháin a d'fhéadfadh a bheith ann. A mhéid a bhaineann le hinfheictheacht pholaitiúil an Chreata, cé go n-áitíonn roinnt Ballstát go bhféadfadh Conclúidí ón gComhairle - trí thorthaí faoin gCreat um Chóineasú Sóisialta a aithint - infheictheacht pholaitiúil na gné sóisialta den Seimeastar Eorpach a mhéadú agus rannchuidiú le torthaí fostaíochta agus sóisialta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a fheabhsú, measann Ballstáit eile gur féidir torthaí an Chreata a tharchur chuig an gComhairle tríd an Tuairim Chothrománach bhliantúil maidir leis an Seimeastar Eorpach.

**I gcomhréir leis an méid thuas, chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht an Chreata um Chóineasú Sóisialta lena n-áirítear ó thaobh breisluacha de, ní mór don Choimisiún – le rannpháirtíocht ghníomhach EMCO agus SPC – breithniú a dhéanamh ar choigeartuithe féideartha a chur chun feidhme, i bhfianaise go bhfuil sé ar intinn aige an Creat a úsáid chun Airteagal 3(3)(b) de Rialachán 2024/1263 a oibríochtú freisin.** Sa ghearrthéarma, dá bhfoilseofaí Doiciméad Inmheánach an Choimisiúin níos luaithe agus dá ndéanfaí anailís iltoiseach níos doimhne ar thosca rioscaí agus treochtaí, mar aon le hidirphlé feabhsaithe leis na Ballstáit lena mbaineann, neartófaí an chomhúinéireacht fhéideartha ar an anailís dara céim, rannchuideofaí le feabhas a chur ar an ullmhúchán do na hathbhreithnithe faireachais iltaobhaigh, agus thacófaí le dúshláin shonracha a shainaithint a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu trí mholtaí tírshonracha. San fhadtéarma, trí athbhreithniú a dhéanamh ar mhodheolaíocht na hanailíse céadchéime agus trí aghaidh a thabhairt ar easnaimh an Scórchláir Shóisialta atá ann faoi láthair, is féidir an tsainaithint luath rioscaí agus úinéireacht na mBallstát a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin comhthuiscint níos fearr agus infheictheacht pholaitiúil mhéadaithe an chóineasaithe shóisialta aníos a chothú. Ar deireadh, ba cheart a thabhairt faoi deara go ndearnadh an measúnú go gairid tar éis an chur chun feidhme phíolótaigh, rud a d’fhág go raibh sé deacair measúnú iomlán a dhéanamh ar an gCreat, go háirithe ar a bhreisluach agus ar an ualach riaracháin a bhaineann leis, agus moltaí le haghaidh coigeartuithe a phlé. Chun na críche sin, d’fhéadfadh sé a bheith iomchuí athbhreithniú a dhéanamh tar éis cúpla bliain dá chur chun feidhme.